

# Staitisticí faoin Dreasacht um Athchóiriú Baile (DAB)

30 Meán Fómhair 2019

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar na tuairisceáin agus an fhaisnéis DAB bhainteach eile ó Bhrainse Straitéise, Meastóireachta & Tuairiscithe. Ba cheart féachaint ar na staitisticí amhail sealadach agus d'fhéadfaí iad a athbhreithniú.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar na figiúirí DAB is déanaí in 2019.  
Cuirfear nuashonruithe leis na staitisticí seo ar fáil in am trátha ag  
[Staidreamh Dreasachta le haghaidh Athchóiriú Tí \(DAT\)](#).

Ba cheart aon cheist faoi staitisticí i ndáil le DAB a sheoladh chuig [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie).

## **Forbhreathnú ar an Scéim**

Ceadaíonn an scéim DAB, a tugadh isteach i nDeireadh Fómhair 2013, d'úinéirí tí a dhéanann oibreacha athchóirithe incháilithe chun iarratas agus éileamh a dhéanamh ar chreidmheas cánach ioncaim. D'fhonn cáiliú don chreidmheas cánach, ní mór na critéir a leanas a shásamh:

1. Caithfidh luach na hoibre a rinneadh ar an maoin a bheith ar a laghad €4,405 gan CBL san áireamh; agus
2. Ní áirítear ach oibreacha atá in mhuirir ag ráta CBL 13.5% i dtreo an tairsí.

Mura sáraíonn luach iomlán na hoibre a rinneadh ag an maoin an íostairseach, ní bheidh úinéir an tí incháilithe d'aon chreidmheas cánach faoin scéim DAB. Ach, níl aon srianta ar an líon oibreacha gur féidir le húinéirí tí a dhéanamh ar a maoin chun an íostairseach seo a shroicheadh.<sup>1</sup>

Cláraíodh os cion 154,701 oibreacha leis an scéim i níos mó ná 98,241 maoin aonair go náisiúnta ó thosaigh sé. Tugtar forbhreathnú staitistiúil ginearálta den scéim DAB i dTábla 1 thíos.

<b>Cur síos</b>	<b>Iomlán</b>
Líon Oibreacha	154,701
Líon na Maoine	98,241
Luach Measta Iomlán na nOibreacha	€2,607,293,347
Meánluach na nOibreacha	€16,854
Líon Iomlán Conraitheoirí	13,551
Uas-Chreidmheas atá le héileamh	€181.2m
An Líon Éilitheoirí Creidmheasa	69,756
Luach na gCreidmheasanna Éilithe	€130.72m

### **Tábla 1: Staitisticí Ginearálta DAB.**

Is ionann iomlán carnach na gcreidmheasanna cánacha ar fáil lena n-éileamh acu siúd a rinne oibreacha incháilithe faoin scéim DAB agus €181.2m. Ríomhtar an costas seo trí na maoin a ndearnadh oibreacha orthu agus ar íocadh astu de réir na gcritéar thuas amháin a áireamh. Is ionann an líon iomlán maoin a ndearnadh na hoibreacha orthu agus ar íocadh astu agus 86,478. Ach, ní léiríonn sé seo an costas go dáta don Státhchiste mar nár éilíodh gach creidmheas go fóill. Beidh na figiúirí seo á nuashonrú de réir mar a éilítear creidmheasanna. Anuas air sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na creidmheasanna cánacha a éilíodh scaipthe go cothrom thar thréimhse dhá bhliain.

<sup>1</sup> Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar rannán DAB de shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncam ag <http://www.revenue.ie/en/tax/it/reliefs/hri/index.html>

### **Scagadh ar na hOibreacha**

Taispeántar sa tábla a leanas scagadh ar na cineálacha oibre is coitianta a dhéantar faoin scéim DAB. Léirítear i dTábla 2 na catagóirí oibre is coitianta ag tagairt dá luach measta agus an líon iomlán oibreacha a rinneadh.

<b>Cur síos ar an Obair</b>	<b>% Iomlán Oibreacha de réir Luacha</b>	<b>% Iomlán Oibreacha de réir Lín</b>
Síneadh Tí	34.48	8.55
Deisiúcháin agus Athchóirithe Ginearálta	26.35	14.05
Ionadú Fuinneog	10.42	23.08
Athchóirithe Cistine	9.74	17.79
Oibreacha Eile (neamhshonraithe)	3.49	7.27

**Tábla 2: An 5 chatagóir is mó oibre ag tagairt do luach na hoibre a rinneadh/líon na n-oibreacha a rinneadh.**


### Scagadh Údarás Áitiúil

Tugtar scagadh i dTábla 3 de réir an Údaráis Áitiúil ar an líon maoin aonair a cláraíodh leis an scéim DAB, an líon iomlán oibreacha a rinneadh agus a luach measta.

Údarás Áitiúil	Líon na Maoine	Líon Oibreacha	Luach Measta na nOibreacha €M
<b>Ceatharlach</b>	723	1,090	12.80
<b>An Cabhán</b>	729	1,009	13.06
<b>An Clár</b>	1,765	2,612	42.34
<b>Cathair Chorcaí</b>	4,699	7,811	130.97
<b>Contae Chorcaí</b>	6,676	10,876	154.99
<b>Dún na nGall</b>	740	1,072	18.80
<b>Cathair Bhaile Átha Cliath</b>	14,741	22,829	500.36
<b>DLR</b>	11,190	18,589	447.21
<b>Fine Gall</b>	9,286	14,591	227.16
<b>Baile Átha Cliath Theas</b>	8,479	13,504	193.95
<b>Cathair na Gaillimhe</b>	1,479	2,453	41.17
<b>Contae na Gaillimhe</b>	2,625	4,194	58.19
<b>Ciarraí</b>	2,128	3,210	48.09
<b>Cill Dara</b>	5,926	9,449	124.05
<b>Cill Chainnigh</b>	1,480	2,171	32.35
<b>Laois</b>	725	1,109	13.63
<b>Liatroim</b>	340	490	6.13
<b>Luimneach</b>	3,197	4,973	70.42
<b>An Longfort</b>	370	577	6.77
<b>Lú</b>	1,666	2,384	32.80
<b>Maigh Eo</b>	1,340	2,018	27.64
<b>An Mhí</b>	3,715	5,805	81.02
<b>Muineachán</b>	398	533	7.40
<b>Uíbh Fhailí</b>	810	1,215	16.05
<b>Ros Comáin</b>	939	1,470	16.70
<b>Sligeach</b>	1,074	1,722	25.80
<b>Tiobraid Árann</b>	2,180	3,317	55.33
<b>Port Láirge</b>	1,903	2,900	44.04
<b>An Iarmhí</b>	1,324	2,044	27.02
<b>Loch Garman</b>	1,903	2,924	37.34
<b>Cill Mhantáin</b>	3,691	5,760	93.73
<b>Iomlán</b>	<b>98,241</b>	<b>154,701</b>	<b>2,607.29</b>

**Tábla 3: Scagadh ar an líon maoin cláraithe, oibreacha a rinneadh agus a luach measta de réir contae.**

## Líon Iomlán na nOibreacha de chuid an Chontae



Léirítear sa chart thuas líon na n-oibreacha DAT go Meán Fómhair 2019 de réir Contae.